

## Meon na mBan: Réamhobair

**A** Pléigh na ceistanna thíos le do pháirtí ranga.

- Céard é an grúpa reiligiúnda is mó in Éirinn?
- Cé na grúpaí reiligiúnda eile atá sa tír?
- Cé na hócáidí reiligiúnda a ndéantar ceiliúradh orthu i do theaghlachsa? Déan cur síos orthu.
- Cé na reiligiúin dhomhanda a bhfuil eolas agat fúthu? Déan plé orthu le do pháirtí ranga.

**B** Meaitseáil an focal leis an mbrí atá leis.

creideamh i nDia	→	<i>religion</i>
reiligiún		<i>atheist or agnostic</i>
meath creidimh		<i>belief in God</i>
tuisctint eiticiúil		<i>Mass</i>
saoirse coinsiasa agus reiligiúin		<i>The Irish Constitution</i>
aindiachaí nó agnóisí		<i>freedom of religion and conscience</i>
aifreann		<i>a multid denominational school</i>
cúrsaí eitice		<i>decline in faith</i>
scoil ilchreidmheach		<i>ethical issues</i>
Bunreacht na hÉireann		<i>ethical understanding</i>

**C** Líon na bearnaí leis na focail ó Chuid B thuas.

1. Ní leanann \_\_\_\_\_ reiligiún ar bith.
2. Tá mo chuid creidiúintí pearsanta níos tábhachtaí ná \_\_\_\_\_ i mo shaolsa.
3. Tá \_\_\_\_\_ ag tarlú sa tír seo ó na caogaidí ar aghaidh.
4. Tá \_\_\_\_\_ mar chuid den siollabas OSSP.
5. Tá \_\_\_\_\_ faoi chosaint ag buncháipéis an Stáit, \_\_\_\_\_.
6. Tá \_\_\_\_\_ fíorthábhachtach do na hAmanaigh i Meiriceá.
7. Ní théim ar \_\_\_\_\_ ach faoi Nollaig agus b'fhéidir faoi Cháisc.
8. Ní phléitear \_\_\_\_\_ ach sna ranganna OSSP.
9. Ba bhreá liom freastal ar \_\_\_\_\_ ach níl ceann i mo cheantarsa.



## Meon na mBan: Mír a hAon

## A

## Freagair na ceisteanna.

1. Cé acu de na rudaí seo nach luaitear ag tús na míre?

- Deirtear go bhfuil spioradáltacht éigin ag teastáil ó gach duine
- Deirtear go bhfuil go leor aineolais sa tír maidir le creidiúintí eile
- Deirtear go bhfuil muintir na tíre seo ag éirí níos oscailte de réir a chéile
- Deirtear go bhfuil go leor fós le foghlaim againn
- Deirtear nár thuigeamar creidiúintí eile

2. Cé mhéad duine a ndearna Amma croí isteach leo, dar le Deirdre?

- Sé mhilliún
- Sé mhilliún déag
- Fiche is a sé mhilliún

3. Cé acu de na nithe thíos a rinne Amma? (Níos mó ná freagra amháin.)

- D'eagraigh sí cabhair ghasta tar éis an tsúnamaí
- Bhuail sí le hUachtarán Mheiriceá
- Bhunaigh sí ospidéal

4. Cé acu de na rudaí seo nach luaitear ag tús na míre?

- Deirtear go bhfuil spioradáltacht éigin ag teastáil ó gach duine
- Deirtear go bhfuil go leor aineolais sa tír maidir le creidiúintí eile
- Deirtear go bhfuil muintir na tíre seo ag éirí níos oscailte de réir a chéile

## B

## Plé ranga.

- An ndéantar freastal ar an aifreann go forleathan, dar leat?
- An bhfuil difríocht ann idir an t-aos óg agus a muintir?
- An bhfuil daoine níos sine níos cráifí, go ginearálta? Cén fáth, meastú?



## Meon na mBan: Mír a Dó

## A

Freagair na ceisteanna.

- Céard atá níos tábhachtaí do dhaoine ná creideamh, dar leis an gcéad chainteoir? (Níos mó na freagra amháin)**
  - cláir theilifíse ar nós X-factor
  - machnamh
  - siopadóireacht
- Céard a imríonn an-tionchar ar dhaoine, dar leis an dara cainteoir?**
  - ranganna religíúin ar scoil
  - tógáil clainne
  - dul ar aifreann go rialta nuair atá tú óg
- Cén tionchar atá ag an aois ar chreideamh, dar leis an gcainteoir deiridh?**
  - Éiríonn creideamh níos tábhachtaí agus tú ag dul in aois
  - Tuigeann tú go bhfuil gach reiligiún an-chosúil lena chéile agus tú ag dul in aois
  - Tosaíonn tú ag freastal ar an aifreann mar rud sóisialta

## B

Plé ranga.

- An ndéanann tú freastal ar scoil eaglasta nó shainchreidmheach\*?
- Céard iad na buntáistí a bhaineann le scoil eaglasta nó shainchreidmheach?
- Céard iad na buntáistí a bhaineann le scoil ilchreidmheach nó neamh-shainchreidmheach?
- Ar cheart go múinfí reiligiún ar scoil?

\*sainchreidmheach = denominational



## Meon na mBan: Mír a Trí

## A

Freagair na ceisteanna.

## 1. Cé acu de na rudaí seo a luaitear ag tús na míre faoin machnamh? (Níos mó ná freagra amháin.)

- Feictear go bhfuil móréileamh ag teacht ar mhachnamh sa saol
- Tá buntáistí ag baint le ham a ghlacadh duit féin
- Is féidir é a dhéanamh agus tú sa leaba

## 2. Cé hí Amma?

- Ceannaire spioradálta Caitliceach
- Ceannaire spioradálta aindiadach
- Ceannaire spioradálta Hindúch

## 3. Cén tionchar atá ag Amma ar Dheirdre? (Níos mó ná rud amháin)

- Tá sí níos foighní
- Airíonn sí níos sásta inti féin
- Tá níos mó dóchais aici

## B

Suirbhé

## Cé acu de na focail seo a dhéanann cur síos ortsa?

- Is duine cráifeach mé     Is duine réasúnta cráifeach mé
- Is agnóisí mé     Is aindiadach mé
- Níl spéis ar bith agam i gcúrsaí creidimh

## An bhfuil an creideamh céanna agatsa leis na baill eile i do h?

- Tá     Níl

## An nglacann tú páirtí in imeachtaí a bhaineann le cúrsaí creidimh?

- Déanaim freastal ar ranganna reiligiúin ag an scoil
- Déanaim freastal ar ranganna reiligiúin lasmuigh den scoil
- Déanaim freastal ar ranganna OSSP ag an scoil
- Déanaim freastal ar an aifreann
- Ní dhéanaim freastal ar rud ar bith a bhaineann le cúrsaí creidimh

## An gcreideann tú go bhfuil baint ag reiligiún le cúrsaí eitice?

- Creidim     Ní Chreidim

Cén fáth? \_\_\_\_\_

## An gcreideann tú in aon cheann de na rudaí seo?

- saol tar éis an bháis     Dia     déithe
- athionchollú\*     taibhsí

\*athionchollú = *reincarnation*